2026/1023

11.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1023 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Bealtaine 2026

lena mbunaítear clár maidir le malartú foirne de chuid údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil saineolas acu ar rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 130(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2017/625 déantar foráil maidir le creat cuimsitheach le haghaidh rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar chun cur i bhfeidhm dhlí an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a áirithiú.

(2) Na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas, is príomhghné iad maidir le hardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus sláinte plandaí, do leas ainmhithe agus don chomhshaol, mar aon le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.

(3) Tá méadú tagtha ar an líon coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas trí phoist rialaithe teorann, agus oibríonn na húdaráis inniúla atá freagrach as rialuithe oifigiúla agus as gníomhaíochtaí oifigiúla eile le hacmhainní teoranta. Chun ardleibhéal sábháilteachta bia agus cosanta do shláinte ainmhithe agus do shláinte plandaí, do leasa ainmhithe agus don chomhshaol a áirithiú, is gá éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí sin a fheabhsú, lena n-áirítear trí mhodhanna oibre agus cuir chuige rioscabhunaithe a optamú, rud a fhágann gur féidir níos mó coinsíneachtaí a sheiceáil leis na hacmhainní céanna. Modh éifeachtúil chun an fhoghlaim fhrithpháirteach a chur chun finn agus chun dea-chleachtais agus réitigh phraiticiúla a scaipeadh ar fud an Aontais is ea clár maidir le malartú foirne idir údaráis inniúla.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí clár a bhunú maidir le malartú foirne de chuid na n-údarás inniúil atá freagrach as eagrú na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo (‘an Clár’), chun comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht na rialuithe sin agus gníomhaíochtaí ag poist rialaithe teorann a mhéadú tríd an gcomhar idir údaráis inniúla a fheabhsú agus trí shainaithint na ndúshlán coiteann agus na ndea-chleachtas a éascú i dtaobh eagrú na rialuithe agus na gníomhaíochtaí sin.

(5) Ba cheart do rannpháirtithe sa Chlár tuairisciú don Choimisiún maidir lena dtorthaí agus lena dtaithí ó na gníomhaíochtaí sin. Ba cheart barúlacha fianaisebhunaithe oibríochtúla maidir le dúshláin choiteanna agus de-chleachtais na n-údarás inniúil a sholáthar sna tuarascálacha sin. Ba cheart go rannchuideodh na tuarascálacha le treoraíocht a fhorbairt freisin agus, i gcás inarb iomchuí, le bearta leantacha ullmhú a bhfuil sé d’aidhm acu an comhar idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla a neartú agus feabhas a chur ar chur chun feidhme comhsheasmhach na rialuithe oifigiúla chun comhlíontacht le rialacha an Aontais maidir le bia agus beatha, sláinte agus leas ainmhithe agus sláinte plandaí a áirithiú.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj.

(6) Chun cur chun feidhme éifeachtach trédhearcach an Chláir a áirithiú, is gá a leagan síos rialacha maidir le heagrú agus maoiniú an chláir, na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht agus róil agus freagrachtaí na saineolaithe náisiúnta atá rannpháirteach, na mBallstát agus an Choimisiúin.

(7) Chun muinín fhrithpháirteach agus comhar éifeachtach a áirithiú idir na húdaráis inniúla agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na rannpháirtithe sa Chlár ar an eolas is gá, ba cheart rialacha maidir le nochtadh faisnéise a gheobhaidh siad le linn a rannpháirtíochta sa Chláir a leagan síos.

(8) Chun úsáid chomhréireach acmhainní a áirithiú, is iomchuí tréimhse a leagan síos le haghaidh chur chun feidhme an Chinnidh seo. Ba cheart an Clár a oibriú ar feadh tréimhse 3 bliana, ós rud é go bhfuil an tréimhse sin leordhóthanach chun a chuspóirí a bhaint amach.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú agus cuspóirí cláir maidir le malartú foirne

1. Bunaítear clár maidir le malartú foirne de chuid údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as eagrú na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo (an ‘Linn Saineolaithe’).

2. Is é cuspóir an Chláir comhroinnt eolais, taithí agus dea-chleachtas a éascú i measc údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as eagrú na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo.

3. Is iad na cuspóirí seo a leanas a bheidh ag an gClár:

(a) tacú le héifeachtúlacht agus comhsheasmhacht na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas;

(b) an comhar idir an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát a neartú i réimse na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus na ngníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo;

(c) rannchuidiú le mionsaothrú agus scaipeadh réiteach praiticiúil chun feabhas a chur ar rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas.

Airteagal 2

Gníomhaíochtaí an Chláir

Áireofar i ngníomhaíochtaí an Chláir na gníomhaíochtaí seo a leanas go háirithe:

(a) saineolaithe náisiúnta ar iasacht go gearrthéarmach chuig údaráis inniúla na mBallstát eile atá freagrach as na rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo;

(b) cuairteanna comhoibríocha saineolaithe náisiúnta ar phoist rialaithe teorann nó ar shuíomhanna ábhartha eile;

(c) saineolas speisialaithe, tacaíocht piaraí agus comhairle a bhaineann le heagrú agus feidhmiú na rialuithe oifigiúla a sholáthar, lena n-áirítear plé atá dírithe ar réitigh agus an malartú eolais is gá le haghaidh cur chun feidhme comhsheasmhach na rialuithe oifigiúla a éascú;

(d) tuarascálacha chuig an gCoimisiún maidir leis na torthaí ó na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c), a bhfuil sé d’aidhm acu dúshláin choiteanna a shainaithint, dea-chleachtais a dhoiciméadú agus rannchuidiú le forbairt agus scaipeadh réiteach praiticiúil lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus éifeachtúlacht na rialuithe oifigiúla;

(e) cruinnithe a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chláir.

Airteagal 3

Linn Saineolaithe a bhunú agus comhaltas

1. Is í Linn Saineolaithe an Aontais Eorpaigh maidir le Rialuithe Allmhairí ('an Linn Saineolaithe') a bhunaítear mar chomhlacht oibríochtúil an Chláir.

2. Iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit liosta de shaineolaithe náisiúnta cáilithe a mholadh le bheith rannpháirteach sa Chlár mar chomhaltaí den Linn Saineolaithe. Is éard a bheidh sna saineolaithe náisiúnta státseirbhísigh nó fostaithe de chuid údaráis inniúla na mBallstát atá freagrach as rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas ag poist rialaithe teorann agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile maidir leo, agus beidh an saineolas riachtanach maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, go háirithe i réimsí na sláinte ainmhithe, na sláinte plandaí nó na sábháilteachta bia.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na moltaí agus ceapfaidh sé comhaltaí na Linne Saineolaithe bunaithe ar a gcáilíochtaí agus ar a dtaithí sna réimsí ábhartha eolais.

Airteagal 4

Eagrú na Linne Saineolaithe

1. Déanfaidh an Coimisiún an Linn Saineolaithe a bhainistiú agus a chomhordú. Áiritheoidh an Coimisiún go rannchuideoidh an Linn Saineolaithe le cuspóirí an Chláir, tríd an sceideal gníomhaíochtaí a ullmhú agus a bhainistiú, agus trí ábhar agus fócas sonrach gach gníomhaíochta den sórt sin a shainiú.

2. Éascóidh na Ballstáit, i gcomhréir le socruithe náisiúnta, rannpháirtíocht chomhaltaí na Linne Saineolaithe i ngníomhaíochtaí an Chláir agus comhoibreoidh siad leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit eile i dtaobh cuairteanna comhoibríocha a eagrú agus a thabhairt agus gníomhaíochtaí ar an láthair a eagrú agus a dhéanamh.

Airteagal 5

Oibleagáidí chomhaltaí na Linne Saineolaithe

Déanfaidh comhaltaí na Linne Saineolaithe na nithe seo a leanas:

(a) beidh siad ar fáil ar gearrfhógra chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Chláir;

(b) comhlíonfaidh siad oibleagáid na rúndachta gairmiúla maidir le faisnéis a gheobhaidh siad le linn a rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí an Chláir.

Airteagal 6

Comhaltas den Linn Saineolaithe a fhoirceannadh

Féadfaidh an Coimisiún comhaltas den Linn Saineolaithe a fhoirceannadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) i gcás nach gcomhlíonann comhaltaí na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 3(2), an dara habairt, a thuilleadh;

(b) i gcás nach gcomhlíonann comhaltaí na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 5;

(c) i gcás inar mian le comhaltaí éirí as an Linn Saineolaithe.

Airteagal 7

Slánaíocht

1. Beidh comhaltaí na Linne Saineolaithe i dteideal slánaíocht as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Chláir, lena n-áirítear cruinnithe den Linn Saineolaithe, dá bhforáiltear san Iarscríbhinn.

2. Saineolaithe nach bhfaigheann íocaíocht a bheidh i gComhaltaí na Linne Saineolaithe de réir bhrí Airteagal 243 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

3. Féadfaidh an Coimisiún an slánaíocht dá dtagraítear i mír 1 a choigeartú.

Airteagal 8

Speansais taistil agus chothaithe

Na speansais taistil agus chothaithe a thabhóidh comhaltaí den Linn Saineolaithe as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí an Chláir, lena n-áirítear cruinnithe den Linn Saineolaithe, déanfaidh an Coimisiún iad a aisíoc i gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún. Déanfar na speansais sin a aisíoc laistigh de theorainneacha na leithreasuithe atá ar fáil arna leithdháileadh ar ranna an Choimisiúin faoin nós imeachta bliantúil um leithdháileadh acmhainní.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 14 Bealtaine 2029.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

IARSCRÍBHINN

Slánaíocht dá dtagraítear in Airteagal 7

Beidh comhaltaí na Linne Saineolaithe i dteideal slánaíocht mar a leanas:

(a) beidh siad i dteideal EUR 450 in aghaidh gach lae iomláin rannpháirtíochta i ngníomhaíocht de chuid an Chláir, lena n-áirítear cruinnithe den Linn Saineolaithe;

(b) beidh siad i dteideal EUR 225 in aghaidh gach leathlae rannpháirtíochta i ngníomhaíocht de chuid an Chláir, lena n-áirítear cruinnithe den Linn Saineolaithe.